V

*(Fógairtí)*

## NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# AN OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

## FÓGRA COMÓRTAS OSCAILTE EPSO/AD/230/12 (GRÁD AD 5) AGUS EPSO/AD/231/12 (GRÁD AD 7)

(2012/C 76 A/01)

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtas oscailte ar bhonn trialacha chun painéil a chruthú óna n-earcófar riarthóirí (*).

**EPSO/AD/230/12 (grád AD 5) AGUS EPSO/AD/231/12 (grád AD 7)**

**Riarthóirí sna réimsí seo a leanas:**

1. **RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH**
2. **DLÍ**
3. **INIÚCHÓIREACHT**
4. **CUMARSÁID**
5. **CAIDREAMH SEACHTRACH**

Is é is aidhm do na comórtais seo painéil a chruthú chun folúntais i bpoist in institiúidí an Aontais Eorpaigh a líonadh.

***Roimh iarratas a chur isteach, ní mór an treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte a foilsíodh in Iris Oifigiúil C 315 A an 28 Deireadh Fómhair 2011 agus ar shuíomh gréasáin EPSO a léamh go cúramach.***

***Is cuid dhílis den fhógra comórtais an treoir sin agus cuideoidh sí leat rialacha na nósanna imeachta agus na bealaí a gcuirtear iarratas isteach a thuiscint.***

CLÁR ÁBHAR


I. **CÚLRA**

II. **DUALGAIS**

III. **INCHÁILITHEACHT**

IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**

V. **IONAD MEASÚNAITHE**

VI. **PAINÉIL**

VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**


(*) Is ionann gach tagairt san fhógra seo don fhirinscne agus tagairt don dá inscne, firinscneach agus baininscneach.

## I. CÚLRA

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. **Líon na n-iarrthóirí a n éireoidh leo i ngach comórtas agus i ngach réimse** | | **AD 5** | **AD 7** |
| | **1 =** | **76** | **38** |
| | **2 =** | **51** | **13** |
| | **3 =** | **38** | **5** |
| | **4 =** | **28** | **14** |
| | **5 =** | **26** | **7** |

2. **Nótaí**

Tá dhá chomórtas i gceist leis an bhfógra seo agus roinnt réimsí i gceist le gach comórtas. Ní féidir leat clárú ach d'aon chomórtas amháin agus d'aon réimse amháin.

Ní mór an rogha sin a dhéanamh tráth an chlárúcháin ar líne agus ní féidir é a athrú tar éis duit d'iarratas a dhearbhú agus a bhailíochtú ar líne.

Mar sin féin,
— má tá tú cláraithe do chomórtas **AD 7**, agus
— má ghnóthaigh tú i dtrialacha iontrála **AD 7** ceann de na marcanna is fearr ar shlí go bhfuil tú i dteideal chuireadh chun na chéad chéime eile den chomórtas, agus
— mura gcomhlíonann tú coinníollacha incháilitheachta chomórtas **AD 7** ach má chomhlíonann tú coinníollacha incháilitheachta chomórtas **AD 5**, féadfaidh an bord roghnúcháin, má aontaíonn tú leis (tugtar an comhaontú sin tráth an chlárúcháin ar líne), d'iarratas a aistriú chuig comórtas **AD 5**, sa réimse céanna.

Sa chás sin, cuirfear do chuid marcanna i gcomparáid le marcanna iarrthóirí chomórtas **AD 5**, agus má tá tú ar dhuine de na daoine a ghnóthaigh na marcanna is fearr i dtrialacha iontrála an chomórtais sin (sa réimse a roghnaigh tú), iarrfar ort dul chuig an ionad measúnaithe.

**Déanfar an t-aistriú sin sula dtabharfar an cuireadh chuig an ionad measúnaithe agus ar bhonn na ndearbhuithe a rinne tú san iarratas ar líne**. Iarrthóirí a bhfuil a gcuid marcanna faoi bhun thairseach na marcanna is fearr do chomórtas **AD 7**, ní fhéadfar iad a aistriú chuig comórtas **AD 5**.

## II. DUALGAIS

Is ag **grád AD 5** a théann céimithe i gceann ghairm an riarthóra sna hinstitiúidí Eorpacha. Is féidir le riarthóirí a earcaítear ag an ngrád sin trí phríomhchineál oibre a dhéanamh, faoi mhaoirsiú: ceapadh beartas, feidhmeanna oibríocha agus bainistiú acmhainní. Táimid ag lorg, go háirithe, iarrthóirí a bhfuil sé d'acmhainn iontu dul chun cinn gairme a dhéanamh.

### Grád AD 7

Mar aon leis na cúraimí de ghrád AD 5 a bhfuil cur síos déanta orthu, féadfar a iarraidh ar riarthóirí a earcófar ag an ngrád sin cúraimí a dhéanamh a bhaineann le comhordú foirne agus maoirsiú oibre.

Tá cur síos mionsonraithe ar na réimsí éagsúla i gceist san Iarscríbhinn.

## III. INCHÁILITHEACHT

**Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárúchán ar líne** ([1]), ní mór duit na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh:

1. **Coinníollacha ginearálta**
   (a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach.
   (b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.
   (c) Aon oibleagáid dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.
   (d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.

([1]) Déantar eisceacht i gcás céimeanna iarrthóirí atá sa bhliain dheireanach de chúrsa ollscoile (féach pointe 2 den Iarscríbhinn).

| 2. **Coinníollacha sonracha** | |
|---|---|
| 2.1. | **Cáilíocht**<br>Féach pointe 2 den Iarscríbhinn |
| 2.2. | **Taithí oibre**<br>Féach pointe 3 den Iarscríbhinn |
| 2.3. | **Eolas ar theangacha**<br>**Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh:**<br>BG (Bulgáiris) CS (Seicis) DA (Danmhairgis) DE (Gearmáinis) EL (Gréigis) EN (Béarla) ES (Spáinnis) ET (Eastóinis) FI (Fionlainnis) FR (Fraincis) GA (Gaeilge) HU (Ungáiris) IT (Iodáilis) LT (Liotuáinis) LV (Laitvis) MT (Máltais) NL (Ollainnis) PL (Polainnis) PT (Portaingéilis) RO (Rómáinis) SK (Slóvaicis) SL (Slóivéinis) SV (Sualainnis) |
| (a) Teanga 1 | **Príomhtheanga:**<br>sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh. |
| agus | |
| (b) Teanga 2 | **An dara teanga (ní foláir í a bheith éagsúil le teanga 1):**<br>eolas sásúil ar an nGearmáinis, ar an mBéarla nó ar an bhFraincis. |

## IV. **TRIALACHA IONTRÁLA**

Déanfar na trialacha iontrála ar ríomhaire, agus is é EPSO a eagróidh iad. Is é an bord roghnúcháin a chinnfidh leibhéal deacrachta na dtrialacha agus a fhaomhfaidh a mbeidh iontu i bhfianaise moltaí ó EPSO.

| | | |
|---|---|---|
| 1. **Cuireadh** | Tabharfar cuireadh duit na trialacha a dhéanamh más rud é gur bhailíochtaigh tú d'iarratas in am (féach Roinn VII).<br>**Tabhair do d'aire:**<br>1. ar bhailíochtú d'iarratas duit, deimhníonn tú go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III;<br>2. chun páirt a ghlacadh sna trialacha, ní mór dáta a chur in áirithe; tá sé **fíor-riachtanach** é sin a dhéanamh roimh an spriocdháta a chuirfear in iúl duit trí do chuntas EPSO. | |
| 2. **Cineál na dtrialacha agus marcáil** | Sraith trialacha atá bunaithe ar cheisteanna ilroghnacha chun do chumas agus d'inniúlacht ghinearálta a mheasúnú maidir leis na nithe seo a leanas: | |
| **Triail (a)** | Réasúnaíocht bhriathartha | marcáil: 0–20 pointe<br>pasmharc: 10 bpointe |
| **Triail (b)** | Réasúnaíocht uimhriúil | marcáil: 0–10 bpointe |
| **Triail (c)** | Réasúnaíocht theibí | marcáil: 0–10 bpointe |
| | | 10 bpointe is ea an pasmharc d'iomlán thriail (b) agus thriail (c) |
| **Triail (d)** | Breithiúnas suíomhúil | marcáil: 0–40 pointe<br>pasmharc: 24 pointe |
| 3. **Teanga** | Teanga 1: trialacha (a), (b) agus (c)<br>Teanga 2: triail (d) | |

## V. IONAD MEASÚNAITHE

| | |
|---|---|
| 1. **Cuireadh** | Tabharfar cuireadh duit dul chuig an ionad measúnaithe:<br>— má ghnóthaigh tú an pasmharc sna trialacha iontrála, agus<br>— má ghnóthaigh tú ([2]) ceann de na marcanna foriomlána is fearr sna trialacha iontrála,<br>— más rud é, ag deireadh an scrúdaithe a rinneadh ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarratas ar líne ([3]), go gcomhlíonann tú coinníollacha ginearálta agus sonracha Roinn III.<br>Tabharfar cead isteach san ionad measúnaithe do thart ar **dhá oiread go leith** líon na n iarrthóirí a n-éireoidh leo mar atá luaite san fhógra comórtais seo, agus a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu). |
| 2. **Ionad measúnaithe** | Is éard is aidhm d'imeachtaí an ionaid mheasúnaithe na hinniúlachtaí seo a leanas a mheasúnú:<br><br>A. **Saininniúlachtaí an réimse i gceist**<br>Is trí bhíthin an chás-staidéir, agus trína bhíthin sin amháin, a thriailfear saininniúlachtaí an réimse i gceist.<br><br>B. **Inniúlachtaí ginearálta** ([4]):<br>— Anailísiú agus réiteach fadhbanna<br>— Cumarsáid<br>— Cáilíocht agus torthaí<br>— Foghlaim agus forbairt<br>— Tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán<br>— Buanseasmhacht<br>— Obair bhuíne<br>— Cumas ceannaireachta<br><br>Measúnófar na hinniúlachtaí ginearálta sin trí bhíthin na nithe seo a leanas ([5]):<br>(a) cás-staidéar sa réimse a roghnaíodh;<br>(b) gníomhaíocht i ngrúpa;<br>(c) cur i láthair ó bhéal;<br>(d) agallamh struchtúrtha.<br><br>Tabharfar cuireadh duit páirt a ghlacadh i gcás-staidéar ([6]) sa réimse i gceist (ar cuid dhílis den ionad measúnaithe é) agus in imeachtaí eile an ionaid mheasúnaithe; is gnách go mbíonn sé sin ar siúl sa Bhruiséil, ar feadh lae nó ar feadh lae go leith.<br><br>**Measúnófar gach inniúlacht ghinearálta faoi dhó de réir na scéimre seo a leanas:** |

| AD 5/AD 7 | Cás-Staidéar | Gníomhaíocht i ngrúpa | Cur i láthair ó bhéal | Agallamh struchtúrtha |
|---|---|---|---|---|
| Anailísiú agus réiteach fadhbanna | x | | x | |
| Cumarsáid | x | | x | |
| Cáilíocht agus torthaí | x | | x | |
| Foghlaim agus forbairt | | x | | x |
| Tosaíochtaí a chur in ord tábhachtachta agus eagrúchán | x | x | | |
| Buanseasmhacht | | | x | x |
| Obair bhuíne | | x | | x |
| Cumas ceannaireachta | | x | | x |

---

([2]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, tabharfar cuireadh dóibh ar fad chuig an ionad measúnaithe.
([3]) Seiceálfar an fhaisnéis sin, trí scrúdú a dhéanamh ar na doiciméid tacaíochta, sula gcruthófar an painéal (féach Roinn VI.1 agus Roinn VII.2).
([4]) Tá sainmhíniú ar na hinniúlachtaí sin i bpointe 1.2 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte.
([5]) Déanfaidh an bord agallaimh a mbeidh sna nithe seo a bhailíochtú.
([6]) Ar chúiseanna eagrúcháin, d'fhéadfadh an cás-staidéar bheith ar siúl in ionaid scrúdúcháin sna Ballstáit agus/nó sa Bhruiséil, is cuma cá háit a mbeidh trialacha eile an ionaid mheasúnaithe ar siúl.

| | |
|---|---|
| 3. **Teanga** | Teanga 2 |
| 4. **Marcáil agus ualú** | **Inniúlachtaí sonracha sa réimse a roghnaíodh**<br>0–20 pointe<br>an pasmharc: 10 bpointe<br>**Ualú: 25 % den mharc foriomlán**<br><br>**Inniúlachtaí ginearálta**<br>0–10 bpointe le haghaidh gach ceann de na hinniúlachtaí ginearálta<br>an pasmharc:<br>3 phointe in aghaidh na hinniúlachta agus<br>50 pointe as 80 pointe san 8 n-inniúlacht ghinearálta ar fad<br>**Ualú: 75 % den mharc foriomlán** |

## VI. **PAINÉIL**

| | |
|---|---|
| 1. **Iarrthóirí a chuirtear ar na painéil** | Cuirfidh an bord roghnúcháin d'ainm ar an bpainéal:<br>— má tá tú ar dhuine de na hiarrthóirí ([7]) a ghnóthaigh an pasmharc agus ceann de na marcanna foriomlána is fearr sna trialacha measúnaithe ar fad (féach líon na n-iarrthóirí a n éireoidh leo, Roinn I.1) **agus,**<br>— **más rud é, i bhfianaise na ndoiciméad tacaíochta**, go gcomhlíonann tú na coinníollacha incháilitheachta ar fad.<br><br>Déanfar an tseiceáil sin, in ord íslitheach tuillteanais, go mbainfear amach an líon is mó iarrthóirí is féidir a bheith ar an bpainéal a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta ar fad.<br>Ní bhreathnófar ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí atá faoi bhun na tairsí sin. Má thagann sé chun solais sa tseiceáil nach bhfuil na dearbhuithe ([8]) a rinne iarrthóir san iarratas ag luí leis na doiciméid tacaíochta, dícháileofar an t-iarrthóir sin den chomórtas. |
| 2. **Aicmiú** | Déanfar na painéil a tharraingt suas de réir comórtais, de réir réimse, de réir grúpa tuillteanais (ceithre ghrúpa ar a mhéid) agus in ord aibítre laistigh de gach grúpa tuillteanais. |

## VII. **CONAS IARRATAS A CHUR ISTEACH**

| | |
|---|---|
| 1. **Clárúchán ar líne** | Ní mór duit clárú ar líne sa tslí a léirítear ar shuíomh gréasáin EPSO, agus go háirithe sa treoirleabhar maidir le clárúchán.<br>**Spriocdháta (an bailíochtú san áireamh): an 17 Aibreán 2012, 12 a chlog (meán lae)**, am na Bruiséile. |
| 2. **Iarratas** | **Má tá tú ar dhuine de na daoine a dtugtar cuireadh dóibh** chuig an ionad measúnaithe, beidh ort an comhad iarratais ([9]) a bhaineann le d'iarratas a thabhairt leat chugainn (an fhoirm iarratais leictreonach agus í sínithe, na doiciméid tacaíochta san áireamh) ar dhul go dtí an t ionad measúnaithe duit.<br>**Sonraí praiticiúla**: féach pointe 6.1 den treoir is infheidhme maidir le comórtais oscailte. |

([7]) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirfear iad ar fad ar an bpainéal.
([8]) Is é EPSO a dheimhneoidh na coinníollacha ginearálta agus is é an bord agallaimh a dheimhneoidh na coinníollacha sonracha.
([9]) Déanfar dáta do choinne san ionad measúnaithe a chur in iúl duit in am agus i dtráth trí do chuntas EPSO.

*IARSCRÍBHINN*

## 1. **RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH**

### 1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta riarthóirí i réimse an Riaracháin Phoiblí Eorpaigh tacaíocht a thabhairt do lucht déanta cinntí agus misean a n-institiúide nó a gcomhlachta á chomhlíonadh.

Seo thíos roinnt de phríomhdhualgais an riarthóra (d'fhéadfadh na dualgais a bheith éagsúil ó institiúid go chéile):

— cláir agus pleananna gníomhaíochta a cheapadh, a chur chun feidhme, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a rialú,

— acmhainní amhail acmhainní foirne, airgeadais agus trealaimh a bhainistiú,

— tacú le lucht déanta cinntí trí bhíthin cuidiú scríofa nó cuidiú ó bhéal a thabhairt dóibh,

— dréachtú nótaí faisnéise um anailís beartais,

— cumarsáid sheachtrach agus tuairisciú agus cumarsáid inmheánach,

— comhordú agus comhairliúchán idir seirbhísí agus idir institiúidí, agus an caidreamh le geallsealbhóirí seachtracha,

— conarthaí a dhréachtú, glaonna ar thograí agus glaonna ar thairiscintí a ullmhú, agus páirt a ghlacadh i gcoistí a dhéanann meastóireacht agus monatóireacht ar nósanna imeachta roghnúcháin agus leithdháilte tairiscintí.

### 2. **Cáilíochtaí**

**Grád AD 5**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán staidéir ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim bainte amach ag a dheireadh.

**Féadann mic léinn atá sa bhliain dheireanach de chúrsa ollscoile cur isteach ar an gcomórtas ar choinníoll go mbeidh an chéim bainte amach acu faoin 31 Iúil 2012 ar a dhéanaí.**

**Grád AD 7**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ceithre bliana nó níos mó agus céim bainte amach ag a dheireadh.

**Nó**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim bainte amach ag a dheireadh, agus taithí oibre aon bhliain amháin ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist agus a fuarthas ina dhiaidh sin.

*NB:* Ní áireofar an bhliain sin agus áireamh á dhéanamh ar an líon blianta de thaithí oibre a éilítear faoi phointe 3 thíos.

### 3. **Taithí oibre**

**Grád AD 5**

Níl aon taithí oibre ag teastáil.

**Grád AD 7**

Taithí oibre ollscoile sé bliana ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist. Níl an taithí oibre sin ábhartha ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na céime a lig don iarrthóir cur isteach ar an gcomórtas.

## 2. **DLÍ**

### 1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta riarthóirí i réimse an dlí tacaíocht a thabhairt do lucht déanta cinntí agus misean a n-institiúide nó a gcomhlachta á chomhlíonadh, comhairle agus comhairliúchán dlí a thabhairt don lucht bainistíochta agus/nó do na haonaid oibriúcháin sna ranna ina bhfuil siad ag obair chun a áirithiú go gcomhlíontar dlí an AE agus an dlí náisiúnta.

Seo thíos roinnt de phríomhdhualgais an riarthóra (d'fhéadfadh na dualgais a bheith éagsúil ó institiúid go chéile):

— tacú le lucht déanta cinntí trí bhíthin cuidiú scríofa nó cuidiú ó bhéal a thabhairt dóibh,

— anailís, taighde, comhairle agus cúnamh dlí chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar shaincheisteanna dlí,

— doiciméid dlí a dhréachtú,

— tuairisciú agus cumarsáid inmheánach maidir le cúrsaí dlí,

— comhordú agus comhairliúchán le seirbhísí eile maidir le saincheisteanna dlí,

— acmhainní amhail acmhainní foirne, airgeadais agus trealaimh a bhainistiú,

— cláir agus pleananna gníomhaíochta a cheapadh, a chur chun feidhme, monatóireacht a dhéanamh orthu agus iad a rialú.

2. **Cáilíochtaí**

**Grád AD 5**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim sa dlí bainte amach ag a dheireadh.

**Féadann mic léinn atá sa bhliain dheireanach de chúrsa ollscoile cur isteach ar an gcomórtas ar choinníoll go mbeidh an chéim bainte amach acu faoin 31 Iúil 2012 ar a dhéanaí.**

**Grád AD 7**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ceithre bliana nó níos mó agus céim sa dlí bainte amach ag a dheireadh.

**Nó**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim sa dlí bainte amach ag a dheireadh, agus taithí oibre aon bhliain amháin ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist agus a fuarthas ina dhiaidh sin.

*NB:* Ní áireofar an bhliain sin agus áireamh á dhéanamh ar an líon blianta de thaithí oibre a éilítear faoi phointe 3 thíos.

3. **Taithí oibre**

**Grád AD 5**

Níl aon taithí oibre ag teastáil.

**Grád AD 7**

Taithí oibre ollscoile sé bliana ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist. Níl an taithí oibre sin ábhartha ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na céime a lig don iarrthóir cur isteach ar an gcomórtas.

## 3. **INIÚCHÓIREACHT**

1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta riarthóirí i réimse na hiniúchóireachta tacaíocht a thabhairt do lucht déanta cinntí agus misean a n institiúide nó a gcomhlachta á chomhlíonadh.

Chomh maith leis sin, iarrfar ar riarthóirí bheith ag obair le nithe amhail iniúchóireacht airgeadais, iniúchóireacht feidhmíochta agus iniúchóireacht inmheánach. Soláthraíonn iniúchóirí seirbhísí comhairliúcháin agus ráthaíochta sna réimsí go léir a mbíonn an tAontas Eorpach ag plé leo, féachaint rialachas agus bainistiú a fheabhsú. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar riarthóirí bheith ag obair in aon cheann de na 27 Ballstát nó i dtríú tíortha.

Seo thíos roinnt de phríomhdhualgais an riarthóra (d'fhéadfadh na dualgais a bheith éagsúil ó institiúid go chéile):

— iniúchóireacht sheachtrach, iniúchtaí airgeadais agus scrúduithe ar an mbainistíocht fhónta airgeadais, lena n-áirítear cur chun feidhme agus tuairisciú,

— rialú seachtrach agus cigireachtaí seachtracha, agus córais rialaithe a fheabhsú,

— iniúchóireacht inmheánach, tacaíocht ó thaobh modheolaíochtaí de, comhairle agus oiliúint,

— comhordú agus comhairliúchán idirsheirbhíse maidir le saincheisteanna iniúchóireachta,

— faisnéis agus comhairle maidir le saincheisteanna iniúchóireachta.

2. **Cáilíochtaí**

**Grád AD 5**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim a bhaineann le dualgais an phoist bainte amach ag a dheireadh, nó oiliúint/cáilíocht oibre choibhéiseach a bhaineann leis na dualgais sin.

**Féadann mic léinn atá sa bhliain dheireanach de chúrsa ollscoile cur isteach ar an gcomórtas ar choinníoll go mbeidh an chéim bainte amach acu faoin 31 Iúil 2012 ar a dhéanaí.**

**Grád AD 7**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ceithre bliana nó níos mó agus céim a bhaineann le dualgais an phoist bainte amach ag a dheireadh, nó oiliúint/cáilíocht choibhéiseach a bhaineann leis na dualgais sin.

**Nó**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim a bhaineann le dualgais an phoist bainte amach ag a dheireadh, nó oiliúint/cáilíocht choibhéiseach a bhaineann leis na dualgais sin, agus taithí oibre aon bhliain amháin ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist agus a fuarthas ina dhiaidh sin.

*NB:* Ní áireofar an bhliain sin agus áireamh á dhéanamh ar an líon blianta de thaithí oibre a éilítear faoi phointe 3 thíos.

Ní miste a thabhairt faoi deara go bhféadfaí iarraidh ort cruthúnas oifigiúil a sholáthar i dtaobh na n-ábhar a ndearna tú staidéar orthu ionas go mbeidh sé níos éasca don bhord roghnúcháin ábharthacht do chuid cáilíochtaí a mheas.

3. **Taithí oibre**

**Grád AD 5**

Níl aon taithí oibre ag teastáil.

**Grád AD 7**

Taithí oibre ollscoile sé bliana ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist. Níl an taithí oibre sin ábhartha ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na céime a lig don iarrthóir cur isteach ar an gcomórtas.

## 4. **CUMARSÁID**

1. **Dualgais**

Oibreoidh na hoifigigh atáthar a lorg i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo:

— urlabhraí nó dréachtóir óráidí,

— cumarsáid inmheánach agus/nó sheachtrach,

— cumarsáid, faisnéis ar pháipéar agus faisnéis closamhairc,

— cumarsáid, faisnéis ar líne,

— cumarsáid straitéiseach agus cumarsáid i gcásanna géarchéime,

— caidreamh leis an bpreas, leis na meáin, le lucht polaitíochta agus leis an bpobal i gcoitinne,

— ócáidí a eagrú a bhaineann le cur chun cinn bheartais agus thosaíochtaí an Aontais Eorpaigh,

— suíomhanna gréasáin, blaganna agus suíomhanna cumarsáide eile idirlín a cheapadh agus a dhearadh.

Beidh ar na hoifigigh cúraimí a bhaineann le hanailísiú, ceapadh, staidéar, comhairle agus dréachtú, go háirithe an méid seo a leanas, a dhéanamh:

— na gnéithe éagsúla den bheartas cumarsáide agus faisnéise a chur i bhfeidhm,

— preasagallaimh agus cláir chlosamhairc a eagrú,

— graificí agus lógónna, póstaeir, bróisiúir agus doiciméid ghinearálta a réiteach,

— ceapadh agus réiteach graificí agus léaráidí don ghréasán,

— cúnamh a thabhairt d'oifigigh shinsearacha plé leis na meáin,

— ceapadh agus cur chun feidhme straitéisí, pleananna, feachtais agus gníomhaíochtaí cumarsáide agus faisnéise, trí bhíthin meán éagsúil, de réir iad siúd a bhfuiltear ag díriú orthu, agus meastóireacht ar na straitéisí, pleananna, feachtais agus gníomhaíochtaí sin,

— dréachtú preaseisiúintí, tuarascálacha polaitíochta, agus téacsanna de chineálacha éagsúla (ábhar closamhairc, ábhar don idirlíon, don raidió, d'fhoilseacháin etc.),

— óráidí a dhréachtú agus monatóireacht,

— anailís a dhéanamh ar thuairimí an phobail, ar na meáin agus ar staid na mBallstát,

— monatóireacht/anailís agus cur san airdeall i leith na meán.

2. **Cáilíochtaí**

**Grád AD 5**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim i gceann amháin de na réimsí seo a leanas bainte amach ag a dheireadh: cumarsáid, na meáin, iriseoireacht, caidreamh poiblí, nó an eolaíocht pholaitiúil.

**Féadann mic léinn atá sa bhliain dheireanach de chúrsa ollscoile cur isteach ar an gcomórtas ar choinníoll go mbeidh an chéim bainte amach acu faoin 31 Iúil 2012 ar a dhéanaí.**

**Grád AD 7**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ceithre bliana ar a laghad agus céim i gceann amháin de na réimsí seo a leanas bainte amach ag a dheireadh: cumarsáid, na meáin, iriseoireacht, caidreamh poiblí, nó an eolaíocht pholaitiúil.

**Nó**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim i gceann amháin de na réimsí seo a leanas, nó i roinnt díobh, bainte amach ag a dheireadh: cumarsáid, na meáin, iriseoireacht, caidreamh poiblí nó an eolaíocht pholaitiúil, agus taithí oibre aon bhliain amháin ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist agus a fuarthas ina dhiaidh sin.

*NB:* Ní áireofar an bhliain sin agus áireamh á dhéanamh ar an líon blianta de thaithí oibre a éilítear faoi phointe 3 thíos.

3. **Taithí oibre**

**Grád AD 5**

Níl aon taithí oibre ag teastáil.

**Grád AD 7**

Taithí oibre ollscoile sé bliana ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist. Níl an taithí oibre sin ábhartha ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na céime a lig don iarrthóir cur isteach ar an gcomórtas.

## 5. CAIDREAMH SEACHTRACH

1. **Dualgais**

Is é ról ginearálta riarthóirí i réimse an chaidrimh sheachtraigh páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme agus i sainiú bheartas eachtrach an Aontais Eorpaigh (AE), beartas a thagann as na comhaontuithe déthaobhacha nó iltaobhacha atá sínithe ag an AE, as an gcuid sheachtrach de bheartais inmheánacha an AE, agus as Comhbheartas Eachtrach agus Slándála agus as Comhbheartas Cosanta an AE. D'fhéadfadh sé a bheith ina chuid d'obair oifigeach sa réimse seo dul i gceann poist le toscaireacht de chuid an AE.

Seo a leanas roinnt de phríomhdhualgais oifigeach sa réimse seo:

— comhaontuithe déthaobhacha, déréigiúnacha agus iltaobhacha an AE le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta a chur chun feidhme,

— cuidiú a thabhairt an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála a chomhshnaidhmeadh leis an gcuid sheachtrach de bheartais inmheánacha an AE,

— gníomhaíochtaí seachtracha an AE a chomhordú i gcomhar leis na Ballstáit agus institiúidí an Aontais,

— féachaint i ndiaidh an chaidrimh thaidhleoireachta le tíortha comhpháirtíochta an AE agus leasanna an AE a chur chun cinn,

— cumarsáid sheachtrach agus inmheánach, an caidreamh le gníomhaithe seachtracha, go háirithe ambasáidí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha agus an tsochaí shibhialta,

— tuarascálacha polaitíochta agus nótaí anailíse polaitíochta a dhréachtú agus faisnéis a thabhairt do lucht déanta cinntí,

— cruinnithe ardleibhéil ina bhfuil prótacail i bhfeidhm a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu,

— oibriú i ndlúthchomhar le toscaireachtaí an AE ar fud na cruinne.

2. **Cáilíochtaí**

**Grád AD 5**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán staidéir ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim bainte amach ag a dheireadh.

**Féadann mic léinn atá sa bhliain dheireanach de chúrsa ollscoile cur isteach ar an gcomórtas ar choinníoll go mbeidh an chéim bainte amach acu faoin 31 Iúil 2012 ar a dhéanaí.**

**Grád AD 7**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ceithre bliana nó níos mó agus céim bainte amach ag a dheireadh.

**Nó**

Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile trí bliana ar a laghad agus céim bainte amach ag a dheireadh, agus taithí oibre aon bhliain amháin ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist agus a fuarthas ina dhiaidh sin.

*NB:* Ní áireofar an bhliain sin agus áireamh á dhéanamh ar an líon blianta de thaithí oibre a éilítear faoi phointe 3 thíos.

3. **Taithí oibre**

**Grád AD 5**

Níl aon taithí oibre ag teastáil.

**Grád AD 7**

Taithí oibre ollscoile sé bliana ar a laghad a bhaineann le dualgais an phoist. Níl an taithí oibre sin ábhartha ach amháin má fuarthas í i ndiaidh bhaint amach na céime a lig don iarrthóir cur isteach ar an gcomórtas.